061156/EU XXVIII.GP
Eingelangt am 26/02/26

Council of the European Union

Brussels, 26 February 2026
(OR. en, ga)

6770/26

**Interinstitutional File:**
**2025/0241 (COD)**

AGRI 143
AGRIFIN 43
FIN 329
CADREFIN 81
CODEC 324
ENV 172
FORETS 28
INST 68
PARLNAT 25

***PARLNAT***

**COVER NOTE**

| | |
|---|---|
| From: | Irish Parliament (Houses of the Oireachtas) |
| date of receipt: | 24 February 2026 |
| To: | The President of the Council of the European Union |
| Subject: | Proposal for a REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL establishing the conditions for the implementation of the Union support to the Common Agriculture Policy for the period from 2028 to 2034 [11733/25 + ADD1 + ADD1 COR1 - COM(2025)560]<br>- Opinion on the application of the Principles of Subsidiarity and Proportionality |

Delegations will find enclosed the opinion[1] of the Irish parliament (Houses of the Oireachtas) on the above.

[1] Translation(s) of the opinion may be available on the Interparliamentary EU Information Exchange website (IPEX) at the following address: https://secure.ipex.eu/IPEXL-WEB/document/COM-2025-0560



www.parlament.gv.at

Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

## An Comhchoiste um Thalmhaíocht agus Bia

An Cion Polaitiúil i ndáil leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme don Chomhbheartas Talmhaíochta don tréimhse ó 2028 go 2034

Nollaig 2025

---

## Joint Committee on Agriculture and food

Political Contribution on Proposal for a REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL establishing the conditions for a the implementation of the Union support to the Common Agriculture Policy for the period from 2028 to 2023

December 2025

**34/JCAF/05**


www.parlament.gv.at

## Clár an Ábhair

**Faisnéis ghaolmhar** .................... 4

**Comhaltas an Choiste** .................... 5

**Réamhrá** .................... 6

**Grinnscrúdú arna dhéanamh ag an gComhchoiste** .................... 6

**Cinneadh ón gComhchoiste** .................... 6

**Tuairim an Chomhchoiste** .................... 8

**Moltaí an Chomhchoiste** .................... 17

**Foscríbhinn 1 – Liosta de na haighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara** .................... 24



www.parlament.gv.at

## Faisnéis ghaolmhar

### Foilseacháin

Tá gach foilseachán don choiste seo ar fáil ar Phreaseisiúintí ó Thithe an Oireachtais – Tithe an Oireachtais ar shuíomh gréasáin an Oireachtais.

### Díospóireachtaí coiste

Is féidir teacht ar thras-scríbhinní díospóireachtaí ón gCoiste ar Na Díospóireachtaí is déanaí ón gCoiste um Thalmhaíocht agus Bia – an Coiste um Thalmhaíocht agus Bia – 34ú... ar leathanach na ndíospóireachtaí coiste.

### Físeáin coiste

Is féidir teacht ar phíosaí scannánaíochta d'imeachtaí an Choiste ar Físeáin – An Coiste um Thalmhaíocht agus Bia – 34ú Dáil, 27ú Seanad – Tithe an Oireachtais ar leathanach físeáin an Choiste.

### Sonraí teagmhála

Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an Choiste ar An Coiste um Thalmhaíocht agus Bia – 34ú Dáil, 27ú Seanad – Tithe an Oireachtais.

### Téarmaí tagartha

Léigh téarmaí tagartha an Choiste sa rannán Ár ról ar leathanach an Choiste.

## Comhaltas an Choiste

### An Cathaoirleach

Aindrias Moynihan TD Fianna Fáil

### An Leas-Chathaoirleach

Liam Aird TD Fine Gael

### Comhaltaí

Peadar de Cléir TD Fianna Fáil

Seosamh Ó Cúnaí TD Fine Gael

Michael Fitzmaurice TD Éire Neamhspleách

Danny Healy-Rae TD Neamhspleách

Martin Kenny TD Sinn Féin

Pól Laighléis TD Aontú

Natasha Newsome Uí Dhraighneáin TD Sinn Féin

An Seanadóir Victor Boyhan Neamhspleách

An Seanadóir Paraic Brady Fine Gael

An Seanadóir Joanne Collins Sinn Féin

An Seanadóir Paul Daly Fianna Fáil

An Seanadóir Eileen Lynch Fine Gael



www.parlament.gv.at

## Réamhrá

1. Breithníonn Comhchoiste an Oireachtais um Thalmhaíocht agus Bia ("an Coiste") go bhfuil tábhacht mhór ag baint le COM (2025) 560, RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme don Chomhbheartas Talmhaíochta don tréimhse ó 2028 go 2034, d'Éirinn agus don Aontas Eorpach.

## Grinnscrúdú arna dhéanamh ag an gComhchoiste

2. Rinne an Coiste breithniú ar an togra den chéad uair ag an gcruinniú a bhí aige an 8 Deireadh Fómhair 2025 agus d'aontaigh sé go ndéanfaí tuilleadh grinnscrúdaithe air.

## Cinneadh ón gComhchoiste

3. An 8 Deireadh Fómhair 2025, d'aontaigh an Coiste cion polaitiúil a dhréachtú maidir leis an togra seo agus cóip a chur ar aghaidh chuig Martin Heydon T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Roberta Metsola, Feisire de Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, agus chuig Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh. D'aontaigh an Coiste freisin ag an gcruinniú a bhí aige an 16 Nollaig 2025 an cion polaitiúil a sheoladh chuig Simon Harris T.D., an tAire Airgeadais agus chuig na Coimisinéirí seo a leanas san Aontas: Christophe Hansen, an Coimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia; Maroš Šefčovič, an Coimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch; an Coimisinéir um an gCaidreamh agus an Trédhearcacht Idirinstitiúideach; agus Maria Luís Albuquerque, an Coimisinéir um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta.

4. D'aontaigh an Comhchoiste roinnt céimeanna a ghlacadh chun grinnscrúdú a dhéanamh ar an togra seo agus chun cuidiú lena Chion Polaitiúil a dhréachtú.

5. Fuair an Coiste faisnéisiú ó oifigigh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag an gcruinniú a bhí aige an 5 Samhain 2025, ar féidir an tras-scríbhinn de a fheiceáil anseo.



www.parlament.gv.at

6. D'eagraigh an Coiste dhá éisteacht phoiblí eile le grúpaí páirtithe leasmhara, chun a dtuairimí a fháil faoin togra. Thionóil an Coiste cruinnithe leis na grúpaí páirtithe leasmhara seo a leanas Dé Céadaoin, 26 Samhain agus Dé Céadaoin, 3 Nollaig 2025 i ndáil leis an togra seo agus is féidir tras-scríbhinní na gcruinnithe sin a fháil anseo agus anseo:
    a. Fóram CLG Chonamara
    b. Macra na Feirme
    c. Forbairt Chiarraí Thuaidh Thoir agus Thiar (NEWKD)
    d. Comhlacht Forbartha Áitiúil an Chláir
    e. Líonra na gCuideachtaí Forbartha Áitiúla (LDCN)
    f. Cumann Feirmeoirí Eallaigh agus Caorach na hÉireann (ICSA)
    g. Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann (ICMSA)
    h. Cumann Feirmeoirí Natura & Sléibhe na hÉireann (INHFA)
    i. Cumann Mairteola agus Uaineola na hÉireann (IBLA)
    j. Gluaiseacht Phlean na Mairteola
    k. Cumann Comharchumann na hÉireann (ICOS)

7. D'aontaigh an Coiste freisin aighneachtaí i scríbhinn a lorg ó roinnt páirtithe leasmhara, chun cuidiú le bonn eolais a chur faoina phlé ar an togra. Fuair an Coiste aighneachtaí i scríbhinn ó na grúpaí páirtithe leasmhara seo a leanas, atá nasctha i bhFoscríbhinn 1 den tuarascáil seo: Cumann Saothróirí Gráin na hÉireann, Meat Industry Ireland, Teagasc, Irish Organic Association agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann.

8. D'aontaigh an Coiste freisin, ar mhaithe le comhar idirpharlaiminteach ar ghnóthaí AE, go gcuirfear cóip den tuarascáil seo ar aghaidh chuig an gCoiste iomchuí i bParlaimint Náisiúnta gach Ballstáit AE agus chuig Feisirí na hÉireann.

## Tuairim an Chomhchoiste

### (1) Ráiteas faoina thábhachtaí atá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) d'fheirmeoireacht na hÉireann

9. Aithníonn an Coiste, ar an gcéad dul síos, a ríthábhachtaí atá CBT do phobal feirmeoireachta na hÉireann agus d'earnáil talmhaíochta na hÉireann, anois agus amach anseo. Ní hamháin go dtacaíonn CBT le feirmeacha na hÉireann ach tá sé fíorthábhachtach chun tacú le poist laistigh de cheantair thuaithe agus chun geilleagar na tuaithe a chobhsú.

10. Cuireann an Coiste i bhfios go láidir gur tacaíocht ríthábhachtach é maoiniú CBT d'oibriú go leor feirmeacha in Éirinn agus, gan tacaíocht ó íocaíochtaí díreacha CBT, nach mbeadh go leor feirmeacha Éireannacha in ann leanúint dá n-oibríochtaí. Tugann an Coiste dá aire gur ann d'fhianaise ó pháirtithe leasmhara gurbh ionann glan-fhóirdheontais ar tháirgí agus ar tháirgeadh a íocadh le hearnáil talmhaíochta na hÉireann agus €2.05 billiún in 2024 agus gurb ionann íocaíochtaí díreacha fós agus 84% go 129% den ioncam iomlán d'fheirmeoirí mairteola, diúil, caorach agus curaíochta. Tugann an Coiste dá aire anailís ar Theagasc (an comhlacht náisiúnta a sholáthraíonn seirbhísí comhtháite taighde, comhairleacha agus oiliúna don tionscal talmhaíochta agus bia agus do phobail tuaithe) ar a shonraí ón Suirbhé Náisiúnta Feirme le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024. Léiríodh sna sonraí sin go dtagann 73% d'ioncam feirme ar an meán ó íocaíochtaí díreacha, arb ionann iad agus idir 98% agus 165% d'ioncam iomlán feirmeoirí stoic thirim. Tugann an Coiste dá aire freisin go bhfuil difríocht réigiúnach idir limistéir atá ag brath go mór ar fhóirdheontais dhíreacha ar tháirgí agus ar tháirgeadh le haghaidh ioncam talmhaíochta, arb ionann é agus 30% d'ioncam na hearnála talmhaíochta i réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Mheánoirthir agus 91% d'ioncam na hearnála talmhaíochta i Réigiún an Iarthair in 2024.

11. Chuala an Coiste fianaise ó oifigigh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go n-eascraíonn 75% de mhaoiniú AE na hÉireann as CBT. Dá bhrí sin, beidh tionchar ábhartha ag aon athrú a mholtar faoin Rialachán ar earnáil talmhaíochta agus ar gheilleagar tuaithe na hÉireann. Beidh laghdú, mar atá beartaithe faoi láthair, thart ar 20-24% ar mhaoiniú CBT na hÉireann, rud a mbeidh drochthionchar ábhartha aige ar earnáil na talmhaíochta agus ar gheilleagar tuaithe na hÉireann.

12. Tuigeann an Coiste gur glan-ranníocóir anois í Éire le buiséad an Aontais agus gurb é an maoiniú faoi CBT an príomhshásra trína mbaineann Éire leas díreach as buiséad an Aontais. Dá bhrí sin, leis an laghdú atá beartaithe ar na hacmhainní a leithdháiltear ar CBT, laghdófar an maoiniú laistigh de bhuiséad an Aontais as a mbaineann Éire leas.

**(2) Samhail mhaoiniúcháin nua faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (NRPPanna)**

13. Is 'athrú suntasach' é an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), a foilsíodh i mí Iúil agus i mí Mheán Fómhair 2025, maidir leis an gcaoi a n-oibreoidh CBT amach anseo.

14. Tugann an Coiste dá aire an togra suntasach faoin Rialachán chun deireadh a chur le struchtúr maoiniúcháin an dá cholún atá ann cheana (roinnte idir an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) le haghaidh CBT agus chun bogadh i dtreo creat maoiniúcháin comhtháite aonair, faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (NRPPanna) nua. Faoin mbeart sin, tá Éire curtha in áirithe chun €11.4 billiún a fháil faoin 'leithdháileadh ginearálta' le haghaidh NRPP agus bainfear an leithdháileadh CBT €8.16 billiún atá beartaithe ag Éirinn as an gcistiú comhthiomsaithe sin.

15. Chuala an Coiste ó pháirtithe leasmhara éagsúla, a chuir ábhair imní thromchúiseacha in iúl maidir leis an togra chun deireadh a chur leis an struchtúr maoiniúcháin dhá cholún atá ann cheana. Tá an Coiste ar aon intinn maidir leis na hábhair imní sin agus tá sé i bhfabhar an idirdhealaithe thraidisiúnta idir colún I agus colún II thar an gcóinbhéirseacht NRPP atá beartaithe.

16. Creideann an Coiste, i bhfianaise na dtosaíochtaí iomaíocha chun maoiniú a tharraingt anuas ó leithdháileadh maoiniúcháin NRPP na hÉireann, lena n-áirítear ó earnálacha suntasacha eile de gheilleagar na hÉireann amhail taighde, oideachas, forbairt tuaithe, go bhfuil baol ann nach mbeidh earnáil na talmhaíochta in ann an leithdháileadh CBT atá beartaithe ag Éirinn a fhorlíonadh óna 'comhthiomsú ginearálta' leithdháilte de mhaoiniú NRPP. Mar thoradh air sin, gheobhadh Éire leithdháileadh CBT i bhfad níos ísle, i

gcomparáid lena leithdháileadh reatha agus bheadh tionchar suntasach agus díobhálach aici ar phobail feirmeoireachta agus ar gheilleagar na tuaithe in Éirinn.

17. Tugann an Coiste dá aire freisin go bhfuil coinníollacha áirithe ann maidir leis an gcaoi ar cheart an chuid eile de mhaoiniú NRPP a leithdháileadh, mar shampla, ní mór 14% den chiste a leithdháileadh ar ghnéithe comhtháthaithe shóisialta agus ní mór 43% den chaiteachas foriomlán a leithdháileadh ar chuspóirí comhshaoil. I bhfianaise na ngealltanas do na réimsí tosaíochta eile sin laistigh de NRPP, cuirfidh sé sin éileamh breise ar 'chomhthiomsú neamh-leithdháilte' mhaoiniú-NRPP. Treisíonn sé sin an pointe ar cuireadh béim air thuas.

18. Tugann an Coiste dá aire freisin, cé go bhfuil roinnt scéimeanna faoi CBT, lena n-áirítear LEADER, an córas eolais agus nuálaíochta talmhaíochta (AKIS) agus scéim scoile an Aontais fós éigeantach, nach bhfuil aon mhaoiniú imfhálaithe ann do na scéimeanna sin, mar a bhí faoi chláir CBT roimhe seo agus nach mór maoiniú dóibh sin a lorg anois laistigh de leithdháileadh níos leithne €3.2 billiún na hÉireann faoi NRPP. Cuirtear i dtábhacht arís leis sin go mbeidh maoiniú díreach lasmuigh d'imchlúdach maoiniúcháin CBT faoi réir éilimh shuntasacha ó roinnt foinsí iomaíocha.

19. Leagann an Coiste béim ar an imní atá air faoi dheireadh a chur leis an dara colún agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an maoiniú agus ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil do bhearta forbartha tuaithe, ar bearta iad atá ríthábhachtach do phobail tuaithe. Tuigeann an Coiste gur ann d'fhianaise go bhfuil treocht chomhsheasmhach ann le deich mbliana anuas maidir leis an ráta méadaithe riosca bochtaineachta i gceantair thuaithe, in Éirinn agus ar fud an Aontais, agus go gcuirfidh an laghdú atá beartaithe ar mhaoiniú CBT leis an treocht sin.

**(3) Laghdú ar mhaoiniú CBT**

20. Cuireann an Coiste i bhfios go láidir gurb é buiséad láidir, imfhálaithe agus leormhaoinithe do CBT príomhthosaíocht na hÉireann do CBT tar éis 2027 agus cuireann sé in iúl gur cúis mhór imní dó na moltaí go dtiocfaidh laghdú suntasach ar mhaoiniú CBT na hÉireann faoi thograí CBT tar éis 2027. Leagann an Coiste béim ar na figiúirí a chuir an Roinn



www.parlament.gv.at

Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil ina luaitear go bhféadfadh laghdú suntasach 20-24% a bheith i gceist le maoiniú na hÉireann faoin CBT nua, i gcomparáid lena leithdháileadh maoiniúcháin faoin CBT reatha.

21. Cé gur mhol an Coimisiún go bhféadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as cuid den mhaoiniú níos ginearálta faoi leithdháileadh na Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun maoiniú breise a chur ar fáil dá CBT, mar a luadh, i bhfianaise tosaíochtaí iomaíocha chun rochtain a fháil ar an maoiniú sin, ní ráthaítear go bhféadfaí an maoiniú CBT atá beartaithe a fhorlíonadh le maoiniú NRPP.

22. Chuala an Coiste ó pháirtithe leasmhara go mbeadh gá le tuairim is 81%/101% den chuid eile de na cistí atá beartaithe ó NRPP chun buiséad CBT a choinneáil le haghaidh bearta tacaíochta ioncaim dírí ar an leibhéal atá ann faoi láthair.

23. Leagann an Coiste béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go léireofaí sa chéad bhuiséad CBT eile costais ionchuir atá ag dul i méid agus éilimh rialála atá ag dul i méid. Tugann an Coiste dá aire gur ann d'fhianaise go bhfuil an boilsciú tar éis thart ar aon trian d'fhíorluach thacaíochtaí CBT a laghdú ó 2020 i leith.

24. Chuala an Coiste ó pháirtithe leasmhara go bhfuil sé ríthábhachtach cobhsaíocht a choinneáil i maoiniú CBT, d'fheirmeoirí agus d'ioncam an gheilleagair tuaithe. Tá timthriallta pleanála fada mar shaintréith de thionscal na feirmeoireachta agus tá gá le cobhsaíocht agus comhsheasmhacht an mhaoinithe chun go mbeidh feirmeoirí in ann pleanáil don todhchaí agus gnó inmharthana a choinneáil. Léiríonn fianaise gur uirlis riachtanach iad íocaíochtaí díreacha ó CBT chun cabhrú le bainistíocht riosca i dtalmhaíocht na hÉireann, ós rud é gur sreabhadh airgid riachtanach agus comhsheasmhach iad chun gur féidir pleanáil agus bainistiú a dhéanamh in aghaidh tosca riosca e.g. éagobhsaíocht aimsire, luaineacht an mhargaidh dhomhanda agus a thionchar ar earnálacha talmhaíochta agus tuaithe in Éirinn.

25. Cuireann an Coiste i bhfios go láidir go bhfuil táirgeadh slán bia ríthábhachtach chun saoránaigh na hEorpa a chosaint agus tá sé fíorthábhachtach go gcuirfear maoiniú leordhóthanach ar fáil d'earnáil na talmhaíochta faoin mbuiséad nua, chun slándáil an bhia laistigh den Eoraip a ráthú. Tá CBT ríthábhachtach chun táirgeadh agus daingneacht soláthair an bhia sin a chinntiú.

26. Tugann an Coiste fianaise dá aire go dteastaíonn foinse ioncaim lasmuigh den fheirm ó níos mó ná leath de theaghlaigh feirme na hÉireann chun fanacht inbhuanaithe. Dá bhrí sin, ní leor an fheirmeoireacht féin chun ioncam leordhóthanach a sholáthar do go leor teaghlach, mar is léir ón spleáchas ar íocaíochtaí díreacha agus ar líon na bhfeirmeoirí atá i mbun fostaíochta lasmuigh den fheirm.

27. Tugann an Coiste dá aire barúlacha ó ghrúpaí páirtithe leasmhara go bhfuil an laghdú suntasach ar mhaoiniú CBT ag teacht leis an bhfírinne go bhfuiltear ag iarraidh níos mó agus níos mó ar earnáil na feirmeoireachta níos mó éilimh rialála, chomhshaoil agus chomhlíontachta a chomhlíonadh. Leis sin, cuirtear ualach míchothrom ar phobail feirmeoireachta agus áitíonn an Coiste nach féidir le feirmeoirí na héilimh sin a chomhlíonadh nuair a bhíonn an maoiniú á laghdú.

**(4) Athnuachan ó ghlúin go glúin [Airteagail 14-16]**

28. Is díol sásaimh don Chiste go bhfuil sé beartaithe tacaíochtaí níos mó agus níos cuimsithí a chur ar fáil d'fheirmeoirí óga atá ag dul isteach sa ghairm, faoi bhearta in Airteagail 14-16 den Rialachán. Is díol sásaimh don Choiste go háirithe na forálacha maidir le tabhairt isteach na Straitéise éigeantaí maidir le hAthnuachan ó Ghlúin go Glúin (Airteagal 15) agus an 'Phacáiste Tosaigh' d'fheirmeoirí óga (Airteagal 16).

29. Aithníonn an Coiste go bhfuil sé ríthábhachtach a chinntiú go dtacófar le feirmeoirí óga dul isteach sa tionscal, chun todhchaí na feirmeoireachta a ráthú agus chun tacú le haistriú feirmeacha idirghlúine, i gcás inar mian sin. Tagraíonn an Coiste d'fhianaise ó ghrúpaí páirtithe leasmhara, rud a léiríonn go bhfuil géarghá le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga atá ag dul isteach i ngairm na feirmeoireachta in Éirinn. Chuala an Coiste gurb é 59 meánaois na bhfeirmeoirí in Éirinn sa lá atá inniu ann agus nach bhfuil ach 4.3%

d'fheirmeoirí faoi bhun 35 bliain d'aois in Éirinn sa lá atá inniu ann; 7% a bhí san fhigiúr sin in 2020 agus 13% a bhí ann in 1990.

30. Tá earnáil na feirmeoireachta ag cur isteach go mór ar thaithí, ar bhuanna agus ar scileanna agus chuala an Coiste ó pháirtithe leasmhara go bhfuil an easpa cinnteachta maidir le hioncaim feirme ar cheann de na saincheisteanna is mó atá os comhair daoine óga atá ag teacht isteach agus ag fanacht i dtionscal na feirmeoireachta.

31. Mar sin féin, d'éist an Coiste leis na hábhair imní a chuir páirtithe leasmhara éagsúla in iúl maidir leis na bearta a mhol an Coimisiún chun cuidiú leis an gcuspóir sin maidir le hathnuachan ó ghlúin go glúin a bhaint amach. Go háirithe, cuireadh ábhair mhóra imní in iúl maidir le hAirteagal 6(6) agus maidir leis an bhforáil ina luaitear nach mór do na Ballstáit a chinntiú faoi 2032 ar a dhéanaí, nach mbeidh daoine aonair a bhfuil an aois scoir náisiúnta bainte amach acu agus a fhaigheann pinsean scoir, incháilithe a thuilleadh chun tacaíocht a fháil faoin Airteagal seo.

32. Cuireann an Coiste in iúl freisin gur cúis imní dó an fhoráil sin faoi Airteagal 6(6) mar atá beartaithe. Tá an Coiste den tuairim nach gcuidíonn an fhoráil sin go praiticiúil leis an athnuachan ó ghlúin go glúin laistigh den fheirmeoireacht agus, ina ionad sin, go ngearrann sí pionós ar fheirmeoirí scothaosta agus go bhféadfadh sé go dtréigfeadh feirmeoirí scothaosta talamh agus go gcuirfeadh sí bac ar an aistriú eolais idir feirmeoirí níos óige agus scothaosta.

33. Creideann an Coiste go bhfuil teicneolaíochtaí nua agus tacú le haistriú eolais agus comhpháirtíochtaí feirme ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na hathnuachana ó ghlúin go glúin.

**(5) Clár LEADER [Airteagal 18]**

34. Aithníonn an Coiste gur suntasach an méid a chuireann Clár LEADER (LEADER) in Éirinn le ceantair thuaithe inbhuanaithe a fhorbairt agus le hathléimneacht tuaithe a chothú.



www.parlament.gv.at

35. Creideann an Coiste go bhfuil tionchar LEADER ar réitigh nuálacha a chruthú chun geilleagar na tuaithe agus seirbhísí tuaithe a chothú, ar thacaíocht a thabhairt do cheantair thuaithe chun a dtimpeallacht áitiúil a chosaint agus ar aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne i dtaca leis an athrú aeráide, soiléir ar fud cheantair thuaithe na hÉireann agus nach féidir gannmheas ná tearcluacháil a dhéanamh air.

36. Trí Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla de chuid an Chomhlachta Forbartha Áitiúil atá ag obair go réamhghníomhach ar an láthair le cur chuige atá bunaithe ar fhorbairt, gineadh ardleibhéal nuálaíochta agus breisluacha do cheantair thuaithe trí LEADER a sholáthar. Leis an 'éifeacht iolraitheora' sin, gintear leibhéal an-suntasach infheistíochta poiblí agus príobháidí i bpobail tuaithe, rud a chuireann go mór le tionchar LEADER.

37. Ina theannta sin, is toradh lárnach ar chur chuige LEADER é acmhainneacht agus ceannaireacht a fhorbairt do phobail tuaithe agus cumas na bpobal tuaithe ina dhiaidh sin dul i dteagmháil leis an bpróiseas forbartha agus é a stiúradh ar an leibhéal áitiúil. Bhí sé sin ríthábhachtach agus leanfaidh sé de bheith ríthábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe fhadtéarmach na bpobal tuaithe, ní hamháin anseo in Éirinn ach ar fud an Aontais.

38. D'éist an Coiste le hábhair imní na bpáirtithe leasmhara go bhfuil baol ann go gciallóidh tosaíochtaí beartais iomaíocha do mhaoiniú NRPP nach féidir maoiniú a ráthú do chlár LEADER faoin NRPP agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé nach bhfaigheadh LEADER aon mhaoiniú ráthaithe faoin mbuiséad nua. Tuigeann an Coiste go bhfuil clár reatha LEADER tearcmhaoinithe cheana féin, dá bhrí sin cuirfidh aon laghdú breise ar chistí brú suntasach ar chumas chlár LEADER oibriú go héifeachtach agus tacú le grúpaí pobail chun pobail áitiúla a fheabhsú.

39. Aithníonn an Coiste na hábhair imní a chuir na páirtithe leasmhara in iúl go bhféadfadh sainmhínithe áirithe faoi Airteagal 18, lena n-áirítear an sainmhíniú ar an bhfocal 'tairbhí' teorainn a chur le raon feidhme chlár LEADER.

**(6) Tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe céimlaghdaitheach [Airteagal 6]**

40. Tuigeann an Coiste go bhfuil sé beartaithe faoin Rialachán teidlíochtaí a bhaint agus córas in aghaidh an heicteáir a chur ina ionad sin. Tuigeann an Coiste go bhféadfadh an togra seo a bheith ina chúis le héiginnteacht dóibh siúd a bhfuil léas acu ar fheirmeacha agus teidlíochtaí léasaithe ar feadh tréimhse ar cuireadh síneadh léi go 2028 nó ina dhiaidh sin, ós rud é go bhfuil tionchar an athraithe seo atá beartaithe fós éiginnte.

41. Chuala an Coiste ó pháirtithe leasmhara éagsúla go bhfuil an tairseach €20,000, óna bhfuil sé beartaithe tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe a dheonaítear d'fheirmeoir a laghdú, ró-íseal. Tá amhras ar an gCoiste faoin gcaoi a gcuirfear laghduithe i bhfeidhm laistigh de bhandaí íocaíochta céimlaghdaitheacha agus tá sé ag ceistiú an ndearna an Coimisiún measúnú tionchair eacnamaíoch iomlán ar an tsamhail chéimlaghdaitheachta agus uasteorannaithe a mholtar faoi Airteagal 6, go háirithe an tionchar a bheadh ag an tairseach sin ar inmharthanacht na bhfeirmeacha mairteola, caorach, déiríochta agus curaíochta lánaimseartha, táirgiúla in Éirinn agus san Aontas, a ndéanfaidh an t-athrú seo atá beartaithe difear ar leith dóibh.

**(7) Simpliú bhearta CBT a mhéadú**

42. Fuair an Coiste cuir i láthair agus fianaise ó eagraíochtaí feirmeoireachta go bhfuil maorlathas fós ina ualach mór ar fheirmeoirí agus go gcuireann castachtaí na scéimeanna stop le roinnt feirmeoirí páirt a ghlacadh iontu.

43. Chuala an Coiste ó pháirtithe leasmhara gur cheart simpliú leanúnach a dhéanamh ar chlár CBT agus ar bhearta gaolmhara. Mar shampla, ní mór foirmeacha iarratais ar scéimeanna a shimpliú, ós rud é go mbraitheann an iomarca scéimeanna go mór ar chúraimí ina bhfuil cabhair ó éascaitheoirí ag teastáil agus, go hidéalach, ba cheart d'fheirmeoirí a bheith in ann foirmeacha den sórt sin a chomhlánú gan dul i muinín comhairleora. Moladh eile ó na páirtithe leasmhara gur cheart níos lú scéimeanna a bheith ann ar an iomlán agus gur cheart feirmeoirí a chúiteamh freisin chun an costas a bhaineann le comhlíonadh cheanglais na scéime a léiriú.



www.parlament.gv.at

44. Creideann an Coiste gur cheart scrúdú a dhéanamh ar scéimeanna chun a n-éifeachtacht a fháil amach agus chun a fháil amach an bhfuil cuspóirí na scéimeanna á mbaint amach, ionas gur féidir an fhoghlaim sin a chur san áireamh agus a ionchorprú sa CBT nua atá beartaithe.

**(8) Níor cheart féachaint ar CBT mar chiste comhshaoil**

45. Chuala an Coiste nach mór d'íocaíochtaí CBT leanúint de bheith dírithe ar a gcuspóir bunaidh. Má tá maoiniú do CBT le húsáid le haghaidh cuspóirí comhshaoil, níor cheart maoiniú don phobal feirmeoireachta a chiorrú agus ba cheart maoiniú do scéimeanna comhshaoil a fháil ó áiteanna eile nó ba cheart go dtiocfadh sé ón Státchiste ina ionad.

46. Tá an Coiste den tuairim, agus is cúis imní dó, gur 'íocaíocht ghlas' anois é CBT chun oibleagáidí comhshaoil agus bearta bithéagsúlachta a mhaoiniú faoi CBT agus go bhfuil sé ag dul ar strae óna chuspóir bunaidh, eadhon slándáil bia a chinntiú, ceantair thuaithe a chobhsú, agus ioncaim feirmeoirí a choinneáil ar bun.

47. Chuala an Coiste ó pháirtithe leasmhara freisin go n-éilítear le beartais atá dírithe ar an aeráid go marófaí eallach níos éadroime ag aois níos óige, rud a d'fhágfadh go mbeadh níos lú mairteola in aghaidh an ainmhí á táirgeadh ná mar a bhí roimhe seo. Is é an toradh a bheadh air sin ná leithdháileadh astaíochtaí níos airde in aghaidh an kg agus leis na beartais sin mhéadófaí an costas in aghaidh an kg go mór don tomhaltóir, an tsaincheist lenar cruthaíodh CBT lena réiteach.

48. Tá an Coiste den tuairim go bhfuil an beartas neamhchothromaithe a chuirtear i bhfeidhm ar thionscal na mbó diúil ag cur leis na laghduithe suntasacha ar inmharthanacht cheana féin, agus tá líon na mbó diúil agus líon na bhfeirmeoirí diúil ag titim bliain ar bhliain.



www.parlament.gv.at

## Moltaí an Chomhchoiste

### Samhail mhaoiniúcháin nua faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (NRPPanna)

49. Molann an Coiste gur cheart an tsamhail mhaoiniúcháin thraidisiúnta dhá cholún a choinneáil agus nach mór maoiniú CBT, ina iomláine, a bheith éagsúil agus ar leithligh ón imchlúdach maoiniúcháin níos leithne faoi NRPP.

### Laghdú ar mhaoiniú CBT

50. Cuireann an Coiste i bhfios go láidir nach mór CBT tar éis 2027 a imfhálú agus a mhaoiniú go leordhóthanach chun an t-iomaíochas, an inbhuanaitheacht, an inmharthanacht agus an bhrabúsacht agus cuspóirí aeráide agus oibleagáidí sóisialta a bhaint amach.

51. Tá sé ina ábhar imní ag an gCoiste go dtugtar isteach leibhéal éiginnteachta do-ghlactha do thionscal feirmeoireachta na hÉireann trí bheith ag brath ar mhaoiniú neamh-imfhálaithe. Cuireann an Coiste i bhfios go láidir nach mór leithdháileadh maoiniúcháin CBT na hÉireann a bheith soiléir agus ráthaithe agus nach féidir tacú leis na sruthanna maoiniúcháin fanacht doiléir, i bhfianaise na tábhachta thar na bearta a bhaineann leis an maoiniú CBT sin d'Éirinn agus d'fheirmeoirí na hÉireann. Má laghdaítear an maoiniú CBT d'Éirinn mar atá beartaithe, molann an Coiste gur cheart don Státchiste náisiúnta an t-easnamh sin i gcistí a fhorlíonadh.

52. Tá an Coiste den tuairim nach mór buiséad CBT atá beartaithe a dhearadh chun a luach a choinneáil i dtéarmaí réadacha agus, i bhfianaise an laghdaithe shuntasaigh ar mhaoiniú i gcomparáid le cláir roimhe seo agus i bhfianaise thionchair an bhoilscithe roimhe seo, nach mór é a dhearadh agus brúnna boilscitheacha a bhfuiltear ag súil leo amach anseo á gcur san áireamh.


www.parlament.gv.at

53. Molann an Coiste go bhfuil sé ríthábhachtach go ndíreofaí formhór an mhaoinithe ó CBT orthu siúd ar príomhtháirgeoirí bia iad agus, má laghdaítear buiséad CBT mar a mholtar, nach mór ioncam feirmeoirí a chosaint.

**Athnuachan ó ghlúin go glúin**

54. Molann an Coiste nach mór ioncam leordhóthanach a chinntiú d'fheirmeoirí óga le CBT tar éis 2027, chun a chinntiú go leanfaidh an fheirmeoireacht de bheith ina rogha ghairme tharraingteach agus inmharthana do dhaoine óga. Ba cheart buiséad CBT a mhéadú chun a chinntiú go mbeifear in ann na tacaíochtaí breise sin a chur ar fáil d'fheirmeoirí óga agus ba cheart cead a bheith ag daoine óga freisin rochtain a fháil ar mhaoiniú ar théarmaí fabhracha, thar thréimhse níos faide chun tacú leo.

55. Creideann an Coiste gur cheart go socrófaí leis an Rialachán íoschéatadán de mhaoiniú imfhálaithe ar cheart do na Ballstáit a chaitheamh ar scéimeanna chun tacú le feirmeoirí óga.

56. Molann an Coiste gur cheart Airteagal 6(6) a bhaint agus gur cheart go mbeadh daoine aonair a bhfuil an aois scoir náisiúnta bainte amach acu agus a fhaigheann pinsean scoir fós incháilithe chun tacaíocht a fháil faoin Airteagal seo.

57. Tá an Coiste i bhfabhar níos mó samhlacha comhoibríocha agus socruithe comharbais feirme a thabhairt isteach, chun tacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin san fheirmeoireacht. Tacaíonn an Coiste le cúnamh suiteála a thabhairt isteach chun tacú le feirmeoirí óga faoi na chéad phleananna straitéiseacha CBT eile de chuid na hÉireann agus le híocaíocht aistrithe a thabhairt isteach d'fheirmeoirí scothaosta atá ag fágáil na hearnála, rud a d'fhéadfadh cabhrú le feirmeoirí scothaosta a dhreasú chun tús a chur le pleanáil chomharbais.

58. Molann an Coiste breithniú a dhéanamh ar 'Scéim Scoir' a thabhairt isteach faoin CBT nua, rud a chuideodh le hathnuachan ó ghlúin go glúin san fheirmeoireacht.

59. Faoi scéim na bhfeirmeoirí óga, molann an Coiste gur cheart deis a bheith ann d'fheirmeoirí óga talamh a fháil ar cíos ar feadh trí bliana, ionas go mbeidh siad in ann teidlíochtaí a fháil thar na trí bliana sin.

**Clár LEADER**

60. Tá béim á leagan ag an gCoiste ar an imní mhór atá air nach ndéanfar maoiniú don chlár 'LEADER' a imfhálú a thuilleadh faoin Rialachán nua maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus creideann sé nach mór leibhéal mhaoiniú LEADER a bheith leordhóthanach chun tacú le hinmharthanacht shamhail na nGrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla faoi stiúir an phobail, ar éirigh chomh maith sin léi in Éirinn.

61. Molann an Coiste go mbeadh buiséad imfhálaithe ann do LEADER faoi thograí CBT tar éis 2027 agus gur cheart an buiséad sin a imfhálú ar leibhéal nach ísle ná an buiséad reatha agus gur cheart é a innéacsnascadh i gcomhair boilsciú.

62. Molann an Coiste gur cheart bonnlíne éigeantach a thabhairt isteach arís le haghaidh LEADER, ionas go ndéanfaí rannchuidiú íosta le cuspóirí CBT gach Ballstáit a imfhálú le haghaidh LEADER agus go ndéanfadh an Rialtas breithniú ar chlár LEADER a chómhaoiniú, mar a rinneadh roimhe seo.

63. Molann an Coiste go gcuirfí soiléireacht ar fáil maidir le sainmhínithe laistigh d'Airteagal 18 agus go leanfadh incháilitheacht chlár LEADER de bheith leathan, chun gach cónaitheoir tuaithe a chuimsiú.

**Simpliú bhearta CBT a mhéadú**

64. Molann an Coiste gur cheart leanúint de chlár leanúnach simplithe an Choimisiúin agus de na bearta gaolmhara agus dlús a chur leo. Ní mór CBT a shimpliú agus a bheith inoibrithe d'fheirmeoirí, ní mór é a bheith solúbtha go leor chun ár n-uaillmhian náisiúnta don


www.parlament.gv.at

talmhaíocht a léiriú agus chun ár gcúinsí ar fud na dtosaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chur san áireamh.

65. Molann an Coiste gur cheart dúbláil scéimeanna a íoslaghdú agus gur cheart feirmeoirí a chúiteamh go leordhóthanach freisin as a rannpháirtíocht i scéimeanna, chun na costais a bhaineann le comhlíonadh na scéimeanna sin a léiriú.

66. Molann an Coiste gur cheart aisghlámadh, lena ngearrtar pionós ar fheirmeoirí ar mian leo scéimeanna a fhágáil go luath, a bhaint den CBT nua atá beartaithe.

67. Tá an Coiste den tuairim gur cheart 'an méid a foghlaimíodh' ó fheidhmiú na scéimeanna sin roimhe seo a ionchorprú sna scéimeanna atá beartaithe in CBT agus gur cheart measúnú a dhéanamh orthu le linn a n-oibrithe chun a fháil amach an bhfuil na torthaí atá beartaithe á mbaint amach acu agus an bhfuil siad tairbheach d'oibreoir na scéimeanna.

68. Molann an Coiste gur cheart iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun a chinntiú go dtiocfaí na scéimeanna go maith lena chéile, ionas go mbeidh níos lú bearnaí idir na scéimeanna agus chun níos mó cinnteachta a chinntiú do na rannpháirtithe.

**Níor cheart féachaint ar CBT mar chiste comhshaoil**

69, Creideann an Coiste nach mór tacú le feirmeoirí agus iad a dhreasú chun aistriú chuig cleachtais talmhaíochta níos inbhuanaithe. Is é prionsabal an Aistrithe Chóir gan daoine, pobail, earnálacha eacnamaíocha ná réigiúin a fhágáil ar gcúl san aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin. Teastaíonn CBT ó fheirmeoirí, ó fhoraoiseoirí, ó iascairí agus ó tháirgeoirí bia a thacóidh lena bhfiontair thalmhaíochta, a thuigeann na tairbhí a bhaineann le cleachtas feirmeoireachta inbhuanaithe ach a bhfuil ráthaíochtaí tacaíochta de dhíth orthu agus a chosnóidh a n-ioncam teaghlaigh san fhadtéarma, agus cosaint an chomhshaoil agus rath eacnamaíoch á gcinntiú ag an am céanna.

70. Molann an Coiste freisin gur cheart ciste ar leith a bhunú, lasmuigh de struchtúr CBT, chun cabhrú le scéimeanna agus coinníollacha comhshaoil a chomhlíonadh.

71. Tacaíonn an Coiste leis an gcoincheap 'bónas dílseachta' sonrach d'fheirmeoirí a ghlacann páirt i scéimeanna agra-chomhshaoil agus creideann sé gur cheart sraith beart agus dreasachtaí a chur ar fáil do thionscadail fhadtéarmacha chomhshaoil ar an bhfeirm de chuid an fheirmeora.

72. Creideann an Coiste gur gá simpliú a dhéanamh sa chéad leagan eile de CBT ar an bpróiseas 'coinníollachta' nach mór d'fheirmeoirí a chomhlíonadh chun tacaíocht ón Aontas a fháil. Ní mór GAEC-7 (Éagsúlú Barr), an riail maidir le 2 bharr, a bhaint go hiomlán, ós rud é go bhfuil tréigean saothraithe beaga á spreagadh aige amach ón earnáil curaíochta. Níor cheart an ceanglas maidir le trí bharr a bheith i bhfeidhm ach ag 50 heicteár agus os a chionn.

73. Creideann an Coiste nach mór don straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' a bheith lárnach sa CBT nua agus gur cheart di leanúint de thacaíocht a thabhairt don aistriú chuig córas bia níos inbhuanaithe, bunaithe ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh.

**Moltaí ginearálta**

74. Creideann an Coiste nach mór do CBT athchóirithe cobhsaíocht airgeadais a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus a bheith mar bhonn taca le huaillmhian an Aontais maidir le feirmeoireacht níos glaise, níos inbhuanaithe agus níos athléimní ó thaobh an gheilleagair de, trí thacaíocht spriocdhírithe. Ní mór go gcinnteofar leis an gcéad samhail mhaoiniúcháin CBT eile gur féidir feirmeoireacht in Éirinn a chothú agus a bheith in ann bia ardcháilíochta a tháirgeadh, agus brabúsacht agus inbhuanaitheacht réasúnta i gcroílár na samhla. Creideann an Coiste, nuair a bheidh Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua á chaibidliú, gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcreat sin bliain níos luaithe ná mar a tharla roimhe sin, chun tréimhse bliana amháin ar a laghad a cheadú dóibh siúd atá ag dul isteach sna scéimeanna, chun am a thabhairt chun córais TF nua a chur ar bun agus chun moilleanna ar íocaíochtaí a sheachaint.

75. Tá an Coiste ag iarraidh go leagfaí béim nua ar phobail tuaithe inbhuanaithe inmharthana a fhorbairt. Ní mór infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa talmhaíocht inbhuanaithe,

chomh maith le béim níos mó a leagan ar dhul i ngleic leis an mbochtaineacht tuaithe agus leis an ionchuimsitheacht shóisialta, chun teaghlaigh leochaileacha feirme a chosaint. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur leis an infheistíocht i mbonneagar sna réigiúin agus sna ceantair thuaithe, chun a chinntiú gur féidir le geilleagair thuaithe éagsúlú agus oiriúnú chun tacú le pobail tuaithe atá faoi bhláth.

76. Tá an Coiste den tuairim nach mór tacaíocht réamhghníomhach a bheith ann d'ioncaim feirme agus go bhfuil gá le cur chuige níos leithne do gach teaghlach tuaithe chun réitigh a fháil ar fhadhbanna ioncaim, cur chuige a mbeidh gné eacnamaíoch agus shóisialta ag baint leis, chun a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn sa réimse sin.

77. Faoi Airteagal 11, molann an Coiste nach mór don Rialtas an tsolúbthacht is mó is féidir a lorg maidir le Tacaíocht Ioncaim Chúpláilte do thréada mairteola, diúil agus caorach, lena n-áirítear tairseacha níos airde fós a mholadh faoin Airteagal seo, i bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá acu sa gheilleagar náisiúnta agus i mbainistiú tírdhreach.

78. Creideann an Coiste go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfí tacaíochtaí leordhóthanacha CBT i bhfeidhm do na páirtithe leasmhara uile i ngach gné den táirgeadh agraibhia, lena n-áirítear fiontair feirme mhalartacha amhail turasóireacht sainréimse, FBManna agus earnáil na foraoiseachta.

79. Molann an Coiste go laghdófaí líon na n-iniúchtaí agus na bpionós ar fheirmeoirí. I gcás mioncheisteanna sáraithe ag feirmeoirí, ba cheart tréimhse shainithe a bheith ann chun an tsaincheist a leigheas gan pionós a chur i bhfeidhm.

80. Molann an Coiste go dtabharfaí isteach leis an Rialachán nua maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta bearta chun níos mó ban a éascú agus a spreagadh chun dul i mbun feirmeoireachta.

81. Molann an Coiste go mbeadh gá le saoráid sa CBT nua lena gcinnteofaí go gcuirfí tacaíocht chuí ar fáil chun cuidiú leis an earnáil curaíochta in Éirinn a dhéanamh níos tarraingtí, níos

athléimní agus níos brabúsaí. Beidh buntáistí ag baint leis sin freisin do thalmhaíocht níos inbhuanaithe in Éirinn.

82. Molann an Coiste go mbeadh gá le saoráid in CBT nua lena maoineofaí earnálacha na gcaorach agus na mbó diúil, ós rud é go bhfuil laghdú ag teacht ar an líon sna hearnálacha sin.



Aindrias Moynihan T.D.
An Cathaoirleach
An Comhchoiste um Thalmhaíocht agus Bia
16 Nollaig 2025

## Foscríbhinn 1 – Liosta de na haighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara

Fuair an Coiste aighneachtaí i scríbhinn ó na páirtithe leasmhara seo a leanas:

- Cumann Saothróirí Gráin na hÉireann
- Meat Industry Ireland
- Teagasc
- Irish Organic Association
- Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann



www.parlament.gv.at